Research Repository UCD

Title	Féiniúlacht agus teanga
Authors(s)	Watson, Iarfhlaith
Publication date	2019-03-29
Publication information	Watson, Iarfhlaith. “Féiniúlacht agus teanga.” edited by Tadhg Ó hIfearnáin. Cois LIfe, 2019.
Publisher	Cois LIfe
Item record/more information	http://hdl.handle.net/10197/11193

Downloaded 2023-03-15T17:09:45Z

The UCD community has made this article openly available. Please share how this access benefits you. Your story matters! (@ucd_oa)

© Some rights reserved. For more information

6

Féiniúlacht agus teanga

Iarfhlaith Watson

Sa chaibidil seo dírítear ar an bhféiniúlacht, an náisiún agus teanga. Cuirtear béim ar leith ar choincheap na féiniúlachta de bhrí gurb é coincheap an náisiúin fócas na caibidle. Trasnaíonn coincheap na teanga an dá choincheap eile chun an plé a chur i gcomhthéacs sochtheangeolaíochta. Tá an Ghaeilge ina fráma don phlé uilig. Tugtar eolas don léitheoir ar chuid de na príomhchoincheapa a bhaineann le féiniúlacht agus go háirithe le féiniúlacht náisiúnta, chomh maith le tuiscint ar ról na Gaeilge maidir le teacht chun cinn agus seasamh náisiún agus fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann.

Réamhrá

Cé go bhfuil coincheap na féiniúlachta sách doiléir, beidh tuiscint níos fearr le fáil uirthi anseo mar go dtabharfaidh coincheap an náisiúin fócas ar leith don chaibidil seo. Trasnóidh coincheap na teanga an dá choincheap eile chun an plé a chur i gcomhthéacs sochtheangeolaíochta. Ar deireadh, beidh an Ghaeilge ina fráma don phlé uilig. Ní hé amháin go dtabharfar eolas don léitheoir ar chuid de na príomhchoincheapa a bhaineann le féiniúlacht agus go háirithe le féiniúlacht náisiúnta, ach beidh tuiscint le fáil freisin ar ról na Gaeilge maidir le teacht chun cinn fhéiniúlacht náisiúnta na hÉireann agus ar a seasamh mar náisiún.

Tá an chaibidil seo roinnte ina dhá cuid: sa chéad chuid pléitear roinnt de na coincheapa ábhartha agus sa dara cuid pléitear an comhthéacs stairiúil a bhaineann le féiniúlacht náisiúnta na hÉireann. Sa chuid teoiriciúil den chaibidil, déantar na príomhchoincheapa a ndírítear orthu a ghrúpáil faoi

na ceannteidil seo a leanas: féiniúlacht, féiniúlacht náisiúnta agus iltíreachas. Tá sé mar chuspóir bunúsach ag an gcéad chuid roinnt de na coincheapa agus de na díospóireachtaí teoiriciúla a mhíniú. Tá sé de chuspóir ag an dara cuid bunús na gcoincheap a chur i láthair. Sa chuid stairiúil den chaibidil, díreofar ar ról na Gaeilge maidir le féiniúlacht náisiúnta sular baineadh an neamhspleáchas amach, sa tréimhse ina dhiaidh sin agus sa lá atá inniu ann.

1 An cúlra teoiriciúil

Tá féiniúlacht ar cheann de na coincheapa is bunúsaí dá bhfuil ann dúinne mar dhaoine daonna. Is féidir linn breathnú uirthi ó thaobh na fealsúnachta de trí cheisteanna a chur ar nós 'cé mise?' nó 'cad é sin?' Baineann sí lenár staidéar ar rudaí (an eipistéimeolaíocht) chomh maith leis na rudaí a ndéanaimid staidéar orthu (an ointeolaíocht). Is féidir linn fiú í a cheangal leis an *cogito Cairtéiseach*: i bhfocail eile, le hargóint René Descartes sa seachtú haois déag, '*cogito ergo sum*' ('*je pense donc je suis*', mar a dúirt sé féin, is é sin le rá 'machnaím agus dá bhrí sin, is ann dom'). Fiú mura bhfuil rud ar bith ar eolas againn, ar a laghad tá a fhios againn go bhfuilimid ag machnamh agus, dá bhrí sin, tá a fhios againn go bhfuilimid ann.

Cé gur daoine aonair muid agus, dá bharr sin, go bhféadfaidh muid a shamhlú nach bhfuil ach féiniúlacht amháin nó aonair againn, is cinnte ina ainneoin sin go bhfuil go leor smaointe éagsúla ann agus a lán bealaí éagsúla le smaoineamh ag gach duine againn. Dá bhrí sin tá ilchineál féiniúlachtaí ag gach duine. Fiú ag leibhéal bunúsach bitheolaíochta, tá go leor tréithe éagsúla ann, mar shampla aois agus gnéas nó tréithe fisiciúla eile cosúil le hairde, cruth colainne, dath gruaige, craicinn nó súl, etc. Tagaimid leis na saintréithe seo ar go leor bealaí éagsúla. Bíonn tionchar freisin ag an gcomhthéacs sóisialta ar na bealaí a mbímid ag smaoineamh, agus ar na bealaí a mbímid ag gníomhú agus ag mothú. Mar dhaoine aonair, ní hamháin go bhfuil a lán féiniúlachtaí éagsúla againn, ach tá a lán bealaí éagsúla againn le bheith ag gníomhú, ag smaoineamh, agus ag mothú i gcomhthéacsanna sóisialta a bhíonn corrach guagach.

1.1 Aitheantas

Mar dhaoine aonair is féidir linn ceisteanna a chur orainn féin cosúil le 'cad ba cheart dom a dhéanamh?' nó 'conas ba cheart dom gníomhú?' Ceisteanna móra féiniúlachta iad sin a bhaineann lenár saol sa lá atá inniu ann. Tá tuairimí faoi ghéarchéim na féiniúlachta agus faoi na neamhchinnteachtaí mar gheall ar fhéinaitheantas ina n-ábhar suntais dúinne agus muid inár gcónaí sa ré seo ar a dtugtar an 'nua-aois dhéanach'. Roimh an ré nua-aoiseach ní raibh béim ar an indibhidiúlachas – níor measadh go raibh cumas ar leith ag an duine aonair a raibh i ndán dó a athrú. Sa mheánaois bhí féiniúlacht cách socraithe i dtaca leis an nginealach, inscne, stádas sóisialta, etc. Níl dán an duine inniu cosúil lena raibh i ndán don duine aonair a bhí beo roimh an ré nua-aoiseach seo againne. Sa ré nua-aoiseach bíonn orainn dul i ngleic le go leor roghanna agus gan ach beagán treorach ar fáil dúinn. Dearcadh coitianta é sa lá atá inniu ann gur féidir linn muid féin a mhúnlú, go gcuimhnímid ar ar tharla dúinn san am a caitheadh, agus go gcruthaímidne ár dtodhchaí féin. Déanann an dearcadh seo áibhéil faoi shaoirse an duine aonair agus tugann sé neamhaird ar ghnéithe dinimiciúla sóisialta na féiniúlachta. Mar a déarfadh an teoiricí Norbert Elias (2001: 19): conas is féidir linn rince foirmiúil a thuiscint trí staidéar a dhéanamh ar an duine aonair?

Is gné den fhéiniúlacht a bheith cosúil le daoine eile, a bheith i gcuideachta daoine eile, a mhothú go bhfuil tú san áit cheart. Is féidir le dúchas nó saintréithe eile a bheith i gcoitinne agat le daoine eile. Sa chomhthéacs sin tá féiniúlacht choiteann mar Éireannaigh againn le daoine eile ar Éireannaigh iad, bíodh siad ina bhfir nó ina mná, mar shampla. Mar sin féin, is gné eile den fhéiniúlacht a bheith difriúil le daoine eile, agus i roinnt cásanna, fiú, is cuid den fhéiniúlacht daoine a choinneáil amach ón ngrúpa. Sa tslí sin bíonn fíorthorthaí ar an bhféiniúlacht i dtaca le daoine a bheith rannpháirteach sa ghrúpa nó fágtha amuigh uaidh. Tá an méid seo tábhachtach, ní hamháin ó thaobh na mothúchán de, ach ó thaobh acmhainní de chomh maith. Is féidir go mbíonn an mothú go bhfuiltear páirteach sa ghrúpa a bheith bunaithe ar an bhféiniúlacht a bhíonn ag daoine eile fosta, ach tá níos mó ná mothúcháin i gceist mar go mbíonn tairbhe le baint as gníomhaíochtaí

sóisialta an ghrúpa chomh maith. Mar thoradh ar a bheith fágtha amuigh as an bhféiniúlacht sin, bíonn an duine fágtha amuigh ó eispéiris chomónta an ghrúpa agus cosc a bheith air tairbhe a bhaint as buntáistí na mothúchán agus na n-acmhainní a bhaineann le ballraíocht.

Ag leibhéal níos bunúsaí, téann féiniúlacht cheannasach i bhfeidhm beagnach i ngan fhios, agus d'fhéadfadh bealaí atá ag an tsochaí chun gníomhú, smaoineamh agus mothú feidhmiú ar dhóigh a thabharfadh buntáiste dóibh siúd atá i seilbh na féiniúlachta sin. Ní gnách go mbíonn an fhéiniúlacht follasach ach amháin nuair a bhíonn bagairt uirthi agus bíonn claonadh ann glacadh gan cheist le féiniúlachtaí nach bhfuil faoi bhagairt. Is minic gurb iad siúd nach bhfuil a bhféiniúlacht faoi bhagairt a deir gur cuma faoi cheist na féiniúlachta. Nuair a bhíonn féiniúlacht i mbaol, fiú más féiniúlacht cheannasach í, bíonn go leor frithghníomhartha éagsúla i gcoinne na bagartha sin, ina gcoinne siúd a bhraitear a léiríonn féiniúlacht eile atá bagrach. Is féidir leis na hiomaíochtaí idir féiniúlachtaí éagsúla a bheith ina gcomórtas le ceannas a bhaint amach thar acmhainní siombalacha, sóisialta, agus ábharacha na sochaí.

B'fhéidir go gceapfadh duine, ag féachaint ar an bhféiniúlacht dó, nach bhfuil inti ach idirdhealú laistigh de ghrúpaí statacha, ach le fírinne, is próiseas atá san fhéiniúlacht atá i bhfad níos dinimiciúla. Baineann an próiseas dinimiciúil sin leis an gcaoi a ndéantar rangú beo sa chaidreamh sóisialta. Tá rangú idir muidne agus iadsan, cuimsiú agus eisiamh, mar thoradh ar an gcosúlacht agus ar an difríocht a thagann as taithí an ghnáthshaoil. I sochaithe ilchultúrtha na nua-aoise déantar iarracht éagsúlacht a cheiliúradh, ach uaireanta ní chaitear leis an duine aonair ach amhail is gur léiriú cruthanta é ar fhéiniúlacht ar leith, faoi mar a mhaíodh an teoiricí sóisialta Ulrich Beck (2005: 99). Is iad na pointí atá idir chamáin anseo, sa chéad dul síos, gur mó an duine aonair ná roinnt barrthréithe agus, sa dara háit, nár cheart, a bhuí le ceiliúradh na héagsúlachta, go dtabharfaí an chluas bhodhar d'aon éagothroime atá taobh thiar den éagsúlacht shóisialta.

Ní hé sin le rá nach bhfuil an tsamhailchomharthaíocht ríthábhachtach. Tuigtear féiniúlacht trí chórais léiriúcháin siombailí, ar nós brandaí, lógónna, suaitheantais, múrphictiúir, ionchomharthaí, etc. Marcáil shiombalach an rud atá suimiúil anseo, is é sin conas a chabhraíonn siombailí linn tuiscint a fháil ar chaidrimh nó ar chleachtais shóisialta, e.g. cé atá san áireamh nó atá fágtha amuigh. Cé gur féidir linn leas a bhaint as siombailí chun ár bhféiniúlacht a léiriú, níl gach gné dínn féin iontu ná gach cuid den dearcadh atá ag daoine eile orainn. Ní macalla iad ar an tslí ar tógadh muid ná léiriú ar a bhfuil faoinár smacht féin.

Is coincheap ilghnéitheach í an fhéiniúlacht. Is catagóir nó rangú í: féachann daoine ar an bhféiniúlacht mar rud atá sách daingean. Ag an am céanna, baineann féiniúlacht leis an gcaidreamh idir daoine – go deimhin, tá sí ann de thoradh an chaidrimh sin. Is féidir difríocht a bhunú trí mharcáil shiombalach i leith daoine eile. Coimeádtar féiniúlacht trí chúinsí sóisialta agus ábhartha, i.e. fíoréifeachtaí na marcála siombalaí (cuimsiú agus eisiamh). Is i ndeasghnátha an ghnáthshaoil, i siombail agus i rangú a chruthaítear brí agus a athchruthaítear caidreamh sóisialta. Tá fiú amháin ullmhú bia nó caoi a chur ar rudaí ('bíodh gach rud ina áit féin agus áit ann do gach rud!') suntasach. Go bunúsach, ciallaíonn sé seo go bhfuil féiniúlacht curtha le chéile go sóisialta.

Tá foirceann an dá thuairim seo ar fhéiniúlacht neamhréadúil – gur rangú nó gur cur le chéile sóisialta amháin atá i gceist. Níl an fhéiniúlacht statach ná seasta ná ní chruthaítear í as an nua gach uair a chasann daoine ar a chéile. Ní dhéileáiltear leis an bhféiniúlacht ar bhealaí den sórt sin ach amháin go sealadach i gcéimeanna tosaigh an taighde nó i ngné amháin de thaighde sula nasctar í leis na heilimintí eile. Is mó an seans gur i dtaighde suirbhé a bheadh an chéad dearcadh catagóireach ar an dóigh sin. B'fhéidir gur mhó an seans go bhfaighfí dearcadh an tógálachais shóisialta níos minicí i dtaighde eitneagrafach ná i dtaighde ina bhfuil agallaimh cháilíochtúla á n-úsáid.

Foghlaimíonn daoine réimse bealaí chun iad féin a iompar i gcomhthéacsanna sóisialta ar leith sa saol laethúil. Ciallaíonn sé seo go mbíonn cúlchiste stórais

iompair ag daoine, is é sin le rá go bhfuil réimse bealaí ag daoine ar féidir leo tarraingt orthu i gcomhthéacs sóisialta ar leith agus iad ag gníomhú, ag smaoineamh agus ag mothú. Mar sin, cé go bhfuil an chuma air go dtagann an fhéiniúlacht as caidreamh laethúil, is é fírinne an scéil go dtarraingíonn daoine sa ghrúpa as a gcúlchiste stórais de réir mar a oireann don chomhthéacs ar leith. Tá an mearbhall a bhíonn ar dhaoine i gcomhthéacs sóisialta neamhchoitianta ina fhianaise ar an tuiscint seo ar an bpróiseas; gan fios a bheith acu conas gníomhú nó cad é le rá ag an tús, ach is gearr go dtógann siad nod ó na daoine eile sa ghrúpa. Píosa eile gnáthfhianaise ar an dearcadh seo é nuair a nochtann duine sa ghrúpa tuairim neamhoiriúnach don ócáid nó nuair a iompraíonn sé é féin ar bhealach nach bhfuil oiriúnach don chomhthéacs sóisialta áirithe sin. (Féach plé Rogers Brubaker (2004: 75, 76) ar na struchtúir chognaíochta).

1.2 Féiniúlacht náisiúnta

Is grúpa daoine é an náisiún; ní stát é. D'fhéadfadh sé go mbeadh, nó nach mbeadh, a stát féin ag náisiún ag aon phointe ar leith ina stair; b'fhéidir go mbeadh cineál éigin de neamhspleáchas réigiúnach aige faoi dhlínse stáit mhóir, nó fiú go mbeadh náisiún ag lorg neamhspleáchas de chineál éigin. Is é an samhlú gur comhfhios an rud a choinníonn an grúpa daoine le chéile mar náisiún, agus sin é bunús na féiniúlachta náisiúnta. Is iad príomhghnéithe na féiniúlachta náisiúnta na heilimintí cultúir agus eitneacha ar a gcuirtear béim i gcoitinne, eilimintí cultúrtha agus eitneacha comhionanna atá difriúil le féiniúlacht an náisiúin béal dorais, mar shampla, náisiúin ar minic níos cumhachtaí iad. Uaireanta, fásann na heilimintí cultúir agus eitneacha seo go horgánach thar thréimhse fhada réamhnáisiúnach, agus is féidir le náisiúnaithe béim a chur orthu sa ré nua-aoise; i gcásanna áirithe eile, ní bhíonn siad ann cheana féin ach tógtar (nó atógtar) iad mar chuid d'ollghluaiseacht náisiúnta.

Tá sé deacair taispeáint go cruinn cén uair a tháinig náisiúin ann i dtús ama. De réir dhearcadh an náisiúntóra agus an ghnáthdhuine araon tá eilimintí eitneacha agus cultúrtha an náisiúin le haimsiú siar i gcuimhne na seacht sinsear. Mar sin féin, dar le mórchuid na dtaighdeoirí ar an náisiún agus

ar an náisiúnachas is feiniméan nua-aoiseach é an náisiún. Cé gur féidir linn bunús ainm an náisiúin nó fiú an fhocail 'náisiún' a aimsiú sa stair, ní chiallaíonn sé seo go raibh an náisiún faoi mar a thuigimidne é ann ag an am sin. Is saintréith den náisiún í an fhéiniúlacht agus cé gurbh fhéidir gur ainmnigh daoine iad féin mar bhaill den náisiún roimh theacht ré an náisiúnachais bhí an fhéiniúlacht chéanna lag agus gan mórán tábhachta i ngnáthshaol laethúil na ndaoine. Ba le teacht an náisiúnachais i ré na nua-aoise (i ndiaidh Réabhlóid na Fraince agus na Réabhlóide Tionsclaíche) a tháinig ann don tábhacht lárnach atá ag an náisiún, agus don fhéiniúlacht náisiúnta dá réir, sa tslí go ndearnadh an domhan a roinnt ina náisiúnstáit.

De réir dearcadh an náisiúnaigh tá an t-údarás deiridh ag an bpobal. Ar an mbealach céanna, aithnítear de réir dhearcadh an daonlathais (chomh maith le go leor cineálacha eile rialtais le linn na nua-aoise) gurb é an pobal foinse na cumhachta polaitiúla. Tá dlúthchaidreamh ann, mar a bhí riamh, idir an náisiúnachas agus an daonlathas agus tá siad nasctha chomh mór sin leis an stát go bhfuil an dá fhocal beagnach comhchiallach. Tá náisiún agus stát araon anois ina ngiorrúcháin ar an bhfocal 'náisiúnstát'. Ba chur síos a bhí ann i dtús báire ar stát a bhí i seilbh náisiúin amháin roimhe seo, ach anois úsáidtear an focal náisiúnstát le cur síos ar gach stát trí chéile in ainneoin go bhfuil níos mó ná náisiún amháin laistigh de chríocha beagnach gach stáit. Bíonn an chuid is mó de na stáit ag gabháil de bheartais chun an cultúr a dhéanamh níos aonchineálaí taobh istigh dá gcríocha féin. Cuireann úsáid fhorleathan an fhocail 'náisiún' le cur síos ar 'stát' mearbhall ar an duine; eagraíochtaí darb ainm Conradh na Náisiún, na Náisiúin Aontaithe, an Chúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta, an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, an Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta, cuir i gcás, chomh maith le nathanna ar nós 'ioncam náisiúnta', 'saibhreas náisiúnta', 'leas náisiúnta', 'trasnáisiúnta', 'náisiúnú', etc., a dhéanann meascán mearaí de na coincheapa 'náisiún' agus 'stát' faoi seach (féach Connor 1978).

Nuair a tosaíodh ar úsáid 'náisiúnachas' mar fhocal chun dílseacht do stát a chur in iúl, is amhlaidh a thosaigh údaráis na stát ag baint leas as an téarma 'grúpa eitneach' chun dílseacht cuid de dhaonra an stáit dá ngrúpa níos cúinge féin a chur in iúl. Dá bharr sin is ionann 'grúpa eitneach' agus

'mionlach' sa dioscúrsa, is cuma cé acu creideamh, teanga nó aon lipéad eile atá i gceist. Ach ní gá go mbíonn grúpa eitneach ina fhochuid de shochaí níos mó mar sin féin; féadfaidh sé gurb é an grúpa is mó atá laistigh de stát é nó go mbíonn an grúpa eitneach scaipthe trasna roinnt stát éagsúil. An grúpa eitneach iad na hÉireannaigh? Is léir gurb ea i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ach an seasann an t-eitneachas sin fós an uair a bhíonn Éireannaigh ina dtromlach, mar atá in Éirinn mar shampla? An dara ceist – cad é an difríocht idir grúpa eitneach agus náisiún? An grúpa eitneach é an náisiún?

Mhaígh Max Weber (Weber et al. 1978: 389) go dtabharfaí grúpaí eitneacha ar ghrúpaí daoine a chreideann go suibiachtúil ina sliocht comónta, nó *Gemeinschaft* – is cuma gaol fola oibiachtúil eatarthu nó gan a bheith. Is cosúil go dtugann an sainmhíniú sin le fios gurb ionann grúpa eitneach agus náisiún. Mar sin féin, rinne Weber (Weber et al. 1978: 923) idirdhealú tábhachtach agus úsáideach freisin: is é sin le rá an t-idirdhealú idir náisiún agus grúpa eitneach. Is é a scríobh sé go bhfuil claonadh ann na tuairimí faoi shliocht comónta nó faoi aonchineálacht ina gcuid riachtanach, más éiginnte féin iad go minic, i gcruthú choincheap an náisiúin. Tagann na smaointe seo a bhaineann leis an 'náisiún' le meon na dlúthpháirtíochta a bhíonn ag pobail eitneacha, agus bíonn siad á gcothú chomh maith ag foinsí éagsúla, mar a chonaic muid roimhe seo. Ach ní leor meon na dlúthpháirtíochta eitní chun 'náisiún' a dhéanamh.

An pointe ríthábhachtach nach luaitear thuas, mar sin féin, go bhfuil náisiún féineolach. Cé gur féidir le socheolaí nó breathnóir neamhpháirteach grúpa eitneach a aithint gan mhoill, ní foláir do náisiún a bheith féineolach. Is den fhéiniúlacht náisiúnta an méid sin.

De réir Benedict Anderson (1991) is pobal samhlaithe é an náisiún. Mhaígh sé gur pobal samhlaithe, teoranta, ceannasach é an náisiún. Is pobal samhlaithe é de bhrí nach féidir le daoine fiú sa náisiún is lú aithne a bheith acu ar an gcuid is mó dá gcomhchomhaltaí. Is pobal teoranta é mar go mbíonn an náisiúnach ag súil go mbeidh daoine ina mbaill dá náisiún féin amháin. Is pobal ceannasach é mar go mbíonn fís ag náisiúin iad a bheith

saor. Is pobal é sa mhéid is go bhfeictear go mbaineann sé le comrádaíocht. Is trí sheans a tharla sé, go pointe, gur pobail shamhailte iad na pobail nua, de réir Anderson, mar gheall ar an idirghníomhú idir an caipitleachas agus an chló-theicneolaíocht. Leag teangacha clóite bonnchloch don chomhfhios náisiúnta ar thrí bhealach: (1) ba mhodh cumarsáide iad faoi bhun na Laidine agus os cionn na dteangacha labhartha comónta; (2) chuir an caipitleachas clóite socrú nua daingean ar fáil do na teangacha sin, rud a chabhraigh le híomhá ársa a chur chun cinn a bhí chomh lárnach sin do smaoineamh suibiachtúil an náisiúin (e.g. déan comparáid idir an Béarla nua-aimseartha agus Shakespeare agus ansin idir Shakespeare agus Beowulf); (3) chruthaigh an caipitleachas clóite teangacha cumhachta de chineál a bhí difriúil le teangacha níos sine an riaracháin. Ní fhéadfaí a sheachaint go mbeadh canúint áirithe 'níos gaire' don teanga chlóite i ngach cás. Is gnéithe den fhéiniúlacht náisiúnta iad an tsamhlaíocht náisiúnta agus an comhfhios náisiúnta.

Deirtear go minic go gcumtar náisiúin seachas iad a bheith ann roimh ré. Baineann náisiúnaigh úsáid as acmhainní na staire chun an náisiún a chumadh agus samhlaíonn na daoine iad féin leis an íomhá sin. Samhlaíonn baill an náisiúin an náisiún mar aonad leathan daoine a bhfuil saintréithe an náisiúin acu le chéile. Sa deireadh, is gné thábhachtach í an tsamhlaíocht mar nach gá a chruthú go bhfuil bunús faoin gceangal fola nó tréithe an chine, etc. fíor. Mar a scríobh Walker Connor (1978: 380): Ní hiad na rudaí *atá ann*, ach na rudaí *a chreideann daoine atá ann* atá tábhachtach. Dá réir sin, tá an fhéiniúlacht náisiúnta cineál doiléir, agus nuair a chuirtear ilghnéitheacht na féiniúlachta leis an méid sin, is deacair sainmhíniú a dhéanamh ar an gcoincheap.

Cé go mbeadh sé beagáinín róshimplí na coincheapa atá á bplé a thabhairt le chéile ina n-iomlán in aon abairt amháin, d'fhéadfaí a rá gur daoine atá i gceist le 'náisiún', gurb é an comhfhios a thugann náisiún le chéile atá i gceist le 'féiniúlacht náisiúnta' agus gurb ionann an 'náisiúnachas' agus an tionscamh le náisiún a dhéanamh nó a choimeád beo. Is minic sa ghnáththeanga laethúil nach n-úsáidtear an téarma 'náisiúnachas' ach i ndáil leis na tioscnaimh náisiúnta is antoiscí. Mar sin féin, mar a mhaígh Michael

Billig (1995), coimeádtar an náisiún beo trí mheabhrúcháin leamha laethúla, ar nós tagairtí don náisiún i nuachtáin nuair a phléitear an aimsir náisiúnta nó an fhoireann náisiúnta spóirt, chomh maith leis na siombailí náisiúnta a bhíonn i dtimpeallacht na ndaoine gach lá ach gan a n-aird a thabhairt orthu. Le blianta beaga anuas tá roinnt scoláirí, ar nós Jon Fox agus Cynthia Miller-Idriss (2008), ag cur tús le taighde ar an mbealach a gcuireann daoine an náisiún díobh ina ngnáthsaol, nó is minic a bhíonn daoine ag gníomhú, ag smaoineamh agus ag mothú ar bhealaí nach léiríonn an náisiún go beacht.

1.3 Iltíreachas

Tá coincheap eile ann a oibríonn, go pointe áirithe, i gcoinne an náisiúin. Mar mhalairt ar an dearcadh simplí gur aonad cúng, leithleasach é an náisiún, is ann do choincheap an iltíreachais atá fairsing agus uilíoch. Cé gur féidir gur róshimpliú ar an dá thuairim é, mar achoimre, is féidir a mhaíomh go bhfuil an náisiún (agus náisiúnachas) leithleasach agus an t-iltíreachas uilíoch. Tá fírinne an scéil i bhfad níos casta. Is féidir le náisiún agus le náisiúnachas cultúir atá i mbaol a chosaint agus a spreagadh, agus dlúthpháirtíocht agus brí a chothú i ndaoine. Mar sin féin, is féidir leis dul thar fóir agus a bheith toirmeascach nó fiú foréigneach.

Go hidéalach, ciallaíonn iltíreachas go nglactar leis go bhfuil gach duine ar an bplainéad ar comhchéim (dar ndóigh tá amhras faoin méid sin sa saol éagothrom seo againne). Ar an lámh eile, is féidir féachaint air mar ghníomhaí domhandaithe atá ag bagairt ar cheannasacht an náisiúin agus ar an neamhspleáchas cultúrtha. Mhaígh Turner (2002) go mbaineann an t-iltíreachas nua le domhandú ar bhealaí cosúil le hídiú cheannasacht an náisiúin; fás ar an déshaoránacht agus ar an ilsaoránacht; fás na margaí domhanda; an margadh saothair domhanda; méadú ar inimircigh ag lorg cineálacha leathshaoránachta; an fás atá ar an ilchultúrachas agus ar chultúir chroschineálacha; agus cultúir dhiaspóracha.

Sa ghnáthchaint, is dócha go bhfuil 'iltíreachas' cosúil le 'hilchultúrachas'. Meastar cathracha a bhfuil daoine a bhfuil cúlraí éagsúla cultúir acu a bheith iltíreach. Meastar freisin daoine a bheith iltíreach nuair a thagann

siad ar an saol in áit amháin ach go mbíonn cónaí orthu in áit eile anois; iad a bheith pósta ar dhaoine de chúlra cultúrtha eile; roinnt teangacha a bheith acu, etc. Phléigh Ulrich Beck (2002: 31) an méid sin agus é ag cur síos ar an 'iltíreachas leamh'; ní hé gach duine atá i gceist, ach dar leis go bhfuil níos mó daoine ann sa lá inniu ná mar a bhíodh ag am ar bith roimhe seo a bhíonn ag trádáil go hidirnáisiúnta, ag obair go hidirnáisiúnta, ag titim i ngrá go hidirnáisiúnta, ag pósadh go hidirnáisiúnta, ag déanamh taighde go hidirnáisiúnta, agus a bhfuil a gcuid páistí ag fás suas agus ag fáil oideachais go hidirnáisiúnta. Ní hamháin go bhfuil na páistí dátheangach, ach gluaiseann siad trí neamh-áit na teilifíse agus tríd an idirlíon mar bheadh éisc trí uisce. Fiafraíonn sé cén fáth a mbímid ag súil go leanfaidh dílseachtaí polaitiúla agus féiniúlachtaí atá ceangailte leis an náisiún féin amháin.

Mar sin féin, mhaígh Beck chomh maith gur 'trasnáisiúnta', agus ní 'idirnáisiúnta', an feiniméan é an t-iltíreachas. Tuigimid go bhfuil teorainneacha i gceist le rudaí idirnáisiúnta, ach bíonn rudaí trasnáisiúnta os cionn teorainneacha agus, go pointe áirithe, tugann siad neamhaird orthu. Is é an sampla is simplí d'fheiniméan trasnáisiúnta an bhagairt atá ar an timpeallacht ón truailliú, ó thréimhsí d'aimsir eisceachtúil, etc. nach gcuireann teorainneacha polaitiúla srian orthu.

Ag leibhéal fhéiniúlacht an duine aonair, is féidir le daoine a bhfuil an chuma orthu a bheith bunaithe agus fréamhaithe go mór i gceantar áitiúil a bheith iltíreach nuair a mheasann siad go bhfuil gach duine eile ar domhan ar comhchéim leo féin. Ar an lámh eile, d'fhéadfadh daoine a bhfuil cónaí orthu i gcomhthéacs iltíreach na héagsúlachta a bheith claonta i gcoinne daoine eile ar bhealach a bheadh contrártha le dearcadh an iltíreachais. Ag leibhéal na sochaí, cibé sin de, mhol Ulrich Beck dúinn breathnú air le dearcadh socheolaíoch mar phróiseas iltírithe. Mhaígh sé go bhfuil próiseas an iltírithe ag tarlú dúinn – ní rud é a roghnaímid nó a dhéanaimid dár ndeoin féin – agus go bhfuil sé faoi cheilt ag anaithnideacht na bhfothorthaí, is é sin *'cloaked in the anonymity of side-effects'* (Beck & Sznaider 2006: 8). Ciallaíonn sé seo go gcruthaíonn na bagairtí trasnáisiúnta agus na baoil a thagann ón ngeilleagar domhanda, ón gcomhshaol etc., fo-thorthaí agus iarmhairtí nach rabhthas ag súil leo

sa dóigh go mbíonn daoine buartha fúthu agus go ndéanann siad iarracht aghaidh a thabhairt orthu. Uaidh sin, b'fhéidir go dtiocfadh an rud chun cinn ar a dtugann Beck (2000: 38) comhfhios iltíreach an ghnáthshaoil, mar fhreagairt ar na hiarmhairtí gan choinne a thagann ó na bagairtí agus ó bhaoil éagsúla thrasnáisiúnta. D'fhéadfadh náisiúnachas a bheith ina fhreagra eile ar na bagairtí sin.

2. An cúlra staire

Tá cuntais éagsúla go leor ann faoin uair a rugadh an chéad náisiún agus is liosta le lua iad líon na ndearcadh éagsúil atá ann ar na heilimintí as a gcomhdhéantar 'náisiúin'. Díreofar anseo go díreach ar thrí phríomhargóint faoi theacht chun cinn an náisiúin: go dtagann náisiún chun cinn go horgánach; go gcruthaítear as an nua é; agus gur athnuachan nó athbheochan atá i gceist le náisiún. Tá na smaointe seo measctha le chéile ar bhealaí éagsúla i ndearcthaí na ngluaiseachtaí náisiúnacha éagsúla, ach beidh an fócas anseo ar theacht chun cinn na dtrí smaoineamh de réir mar a léiríodh iad i stair Shasana, na Fraince agus na Gearmáine.

Tagann dearcadh léannta, tarraingteach faoi leith chugainn ón scoláire Leah Greenfeld (1992), a mhaíonn gurb é Sasana an chéad náisiún dá raibh ann. Rugadh Sasana beagnach mar a bheadh toradh neamhbheartaithe ann, toradh orgánach d'imthosca polaitiúla na staire. Maíonn sí gur thug uasaicme na Fraince faoi deara, le linn an ochtú haois déag, gur sháraigh Sasana an Fhrainc ar fud an domhain, agus ní fhéadfadh siad gan a bheith ag meabhrú ar an rud a bhí speisialta faoi Shasana. Sa chomhthéacs sin bhí intleachtóirí na Fraince ag díospóireacht faoi choincheap an náisiúin faoi mar a bhí sé bainte amach ag Sasana. Sna blianta roimh Réabhlóid na Fraince (1789) agus ina diaidh bhí plé ann faoin dóigh le náisiún nua na Fraince a chruthú. Bhí sé seo thar a bheith difriúil ón méid a chuaigh roimhe. D'fhéadfá a rá gurb é sin breith an náisiúnachais. I dtaca leis an dá luathnáisiún seo bhí gnéithe ann a bhí le feiceáil sna smaointe faoin náisiún agus faoin náisiúnachas a chonacthas uaidh sin amach i gcásanna eile: ar thaobh amháin, go mbíonn náisiúin ann sa chéad áit ach go nochtar stát go

horgánach, agus ar thaobh eile, nach mór náisiún a chruthú agus go mbíonn ról tábhachtach ag an stát sa saothar cruthaitheach sin.

Sa Fhrainc, bhí tionchar ag smaointe réasúnacha na hEagnaíochta ar an iarracht náisiún nua na Fraince a thógáil. Scaipeadh na hidéil seo faoi Napoléon a fhad is a bhí sé ag cur cuid mhaith den Eoraip faoi chois. B'in bealach amháin ar scaipeadh smaointe an náisiúnachais, agus, ag an am céanna, ba spreagadh iad na smaointe céanna sin chun cur i gcoinne airm Napoléon. Sna stáit Ghearmánacha, go háirithe sa Phrúis, ní hé amháin go rabhthas ag cur i gcoinne an choncais mhíleata, ach i gcoinne íomhá an náisiúin a bhí ag teacht chucu ón bhFrainc freisin. Le linn na tréimhse sin agus ina dhiaidh tháinig cineál náisiúnachais rómánsúil chun cinn sa Ghearmáin a thug tús áite do chosaint na héagsúlachta, murab ionann agus an aonchineálacht a mheastaí a bhí á cur i gcion ag náisiúnachas na Fraince, agus é sin faoi thionchar na hEagnaíochta. De réir an idéil a bhí taobh thiar den náisiúnachas rómánsúil seo thabharfadh na sainghnéithe cultúrtha a bhain le grúpa faoi leith daoine, mar shampla an teanga, cead dóibh a bheith ina náisiún agus é de cheart acu stát dá gcuid féin a bheith acu dá réir. Agus iad fágtha ar a gconlán féin le forbairt go horgánach, thiocfadh an cineál ar leith stáit a d'oirfeadh dóibh chun cinn.

Lean go leor gluaiseachtaí náisiúnacha ar fud an domhain na smaointe sin a tháinig chun cinn sa Fhrainc agus sa Ghearmáin. Bhí tionchar ag na smaointe seo ar Éirinn ó na laethanta tosaigh, ar nós Éirí Amach 1798, chomh maith le gluaiseachtaí náisiúnacha an naoú haois déag. Mar shampla, thug Tomás Dáibhís cuairt ar an nGearmáin go luath sna 1840idí agus bhí tionchar ag na hidéil náisiúnacha rómánsúla air. Cuardaíodh acmhainní na staire chun ré órga a aimsiú a d'fhéadfaí a choinneáil mar fhianaise go raibh an náisiún ann cheana féin in go leor áiteanna agus baineadh leas as mar idéal a bhí le hathchruthú. I bhformhór na gcásanna ar fud an domhain, tháinig gluaiseachtaí náisiúnacha chun cinn i gcoinne impireacht nó i gcoinne rialtais lárnaigh a measadh a bhain le náisiún eile. Tuigeadh go raibh go leor de na gnéithe ar glacadh go forleathan leo a bheith ina sainghnéithe den náisiún, go raibh siad ina malairt de shaintréithe náisiúin áirithe eile.

2.1 An Ghaeilge agus breith náisiún na hÉireann

Bhí seasamh ceannasach sa séú haois déag ag an nGaeilge ach lean an mheath ón seachtú haois déag anuas go dtí an fichiú haois. Cé go ndearna ríthe, banríonacha agus lucht ceannais Shasana iarrachtaí ar feadh na gcéadta bliain roimhe sin srian a choinneáil ar an gcultúr Gaelach, tháinig an cor cinniúnach nuair a thriall an uasaicme Gaelach thar sáile le linn an tseachtú haois déag. Faoi dheireadh an ochtú haois déag bhí meath chomh mór sin tagtha ar an réimeas Gaelach nach raibh sé ina bhagairt a thuilleadh agus thosaigh foirm úr náisiúnachais ag teacht chun cinn i measc na Cinsealachta, na n-uaisle, agus daoine eile. Rinneadh iarracht teacht ar acmhainní staire a bhféadfadh daoine in Éirinn a bheith bródúil astu, ach go mbeadh cruth cultúr sibhialta na Breataine agus an Bhéarla orthu.

Tar éis foréigean Éirí Amach 1798, agus ar tharla ina dhiaidh, agus Achtanna an Aontais, tháinig athrú mór ar an gcomhthéacs. Le linn an naoú haois déag aimsíodh go leor déantán seandálaíochta agus rinneadh roinnt mhaith taighde staire agus béaloidis a chuir acmhainní ar fáil do náisiúnaithe le pictiúr a chruthú de ré órga míle bliain roimhe sin, nó níos faide siar san am. Ó lár an naoú haois déag bhí an Ghaeilge san áireamh mar ghné thábhachtach de náisiún na hÉireann. Tá labhairt a dteanga féin ina fianaise gur náisiún ar leith iad i gcás go leor gluaiseachtaí náisiúnacha ar fud an domhain. In Éirinn sa naoú haois déag baineadh úsáid as an nGaeilge ar an mbealach céanna, ach de bharr an laghdú a bhí tar éis teacht ar líon na gcainteoirí, bhí dhá phointe bhreise ann: ar thaobh amháin bhí iarrachtaí ann an Ghaeilge a athbheochan agus, ar an taobh eile, meath na Gaeilge a úsáid mar fhianaise ar an damáiste a rinne stát na Breataine ar an gcultúr Gaelach agus ar Éirinn agus dá bhrí sin mar fhianaise ar an ngá a bhí leis an neamhspleáchas.

Le linn an naoú haois déag, go háirithe tar éis Fhuascailt na gCaitliceach sna 1820idí, thosaigh Caitlicigh ag baint cumhacht amach go háitiúil i réimsí na polaitíochta agus na heacnamaíochta. Faoi dheireadh an naoú haois déag, de réir mar a scaip an smaoineamh faoi náisiún na hÉireann, tháinig eagraíochtaí éagsúla spóirt, teanga agus cultúir chun cinn, ar nós

Chumann Lúthchleas Gael agus Chonradh na Gaeilge. Bhain níos mó fear óg de chuid na meánaicme Caitlicí sna bailte beaga leis na heagraíochtaí sin ná duine ar bith nó aon ghrúpa daoine eile (féach Hutchinson 2001). Le linn na tréimhse sin bhí an smaoineamh faoin náisiún, agus an fhéiniúlacht náisiúnta a bhí ina bonn faoi, á scaipeadh ar shlí níos leithne i measc grúpaí áirithe ná i measc dreamanna eile. Mar a ghéill stát na Breataine de réir a chéile anseo agus ansiúd, tháinig an Ghaeilge isteach sna scoileanna, ar dtús mar ábhar seach-churaclaim agus ina dhiaidh sin mar ábhar roghnach i rith an lae scoile. Go luath san fhichiú haois rinneadh ábhar éigeantach di le haghaidh cead isteach in aon cheann de choláistí Ollscoil nua na hÉireann (Kelly 2002). De réir mar a scaip an fhéiniúlacht náisiúnta bhí an Ghaeilge ar cheann dá príomhghnéithe. Tháinig roinnt forbairtí suimiúla chun cinn tar éis an neamhspleáchais.

2.2 Náisiún na hÉireann a chruthú san fhichiú haois

Thóg an tionscadal náisiúnach móiminteam i rith an naoú haois déag agus de réir a chéile thiontaigh sé i dtreo an neamhspleáchais. Ba rud lárnach don tionscadal seo an náisiún a chruthú as acmhainní na staire agus comhbhá leis an náisiún sin a spreagadh sna daoine. Bhí sé riachtanach don fhéiniúlacht sin go leagfaí síos na difríocht agus an leithleachas le taobh na féiniúlachta Briotanaí agus cúis a thabhairt don éileamh go mbainfí stát neamhspleách amach ar a mbonn sin; gur náisiún ar leith a bhí in Éirinn. Tar éis neamhspleáchas a chur i gcrích bhí an fhéiniúlacht náisiúnta ríthábhachtach le dlisteanacht an stáit nua a chaomhnú. Faoi mar a tharla i gcás mórán náisiún eile ar fud an domhain, níorbh ionann an náisiúnachas in Éirinn roimh an neamhspleáchas agus ina dhiaidh.

Is amhlaidh a neartaigh an stát nua na saintréithe Éireannacha úd ar leagadh béim orthu le linn na troda ar son shaoirse na hÉireann go déanach sa naoú haois déag agus go luath san fhichiú haois, rud a rinneadh go foirmiúil trí bheartais agus reachtaíocht, agus go neamhfhoirmiúil in idirghníomhaíocht le comhlachtaí agus institiúidí cultúir agus creidimh. Cé go ndearna na gluaiseachtaí náisiúnacha iarracht roimh an neamhspleáchas náisiún na hÉireann a chruthú d'fhonn stát neamhspleách a dhlisteanú, tar éis an neamhspleáchais choinnigh

an stát nua an tionscadal sin ar bun chun a dhlisteanacht a chaomhnú mar stát na hÉireann ag freagairt do náisiún na hÉireann.

Go bunúsach, b'iarrachtaí iad siúd ag an stát le féiniúlacht náisiúnta na hÉireann a thógáil agus a láidriú. Bhí an fócas – mar a lean sé leis – ar ghnáthghnéithe a bheadh ag aon ghluaiseacht náisiúnach; mar shampla, teanga, cultúr agus reiligiún. Bhí sé ina aidhm gur mhalairt gnéithe a bheadh iontu leo siúd a bhain le náisiún na Breataine nó Shasana. Féachadh ar an bhféiniúlacht Bhriotanach mar a bheadh féiniúlacht Phrotastúnach uirbeach ann lena teanga Bhéarla, lena cuid spórt féin ar nós rugbaí, cruicéad nó fiú sacar aici. A mhalairt a bheadh i bhféiniúlacht Éireannach Chaitliceach thuathúil lena teanga Ghaeilge, agus lena cuid spórt féin ar nós na peile Gaelaí agus na hiománaíochta. Cuireadh an focal 'Náisiúnta' in ionad an fhocail 'Ríoga' in go leor ainmneacha institiúidiúla agus bhí iarrachtaí ann leaganacha náisiúnta a dhéanamh de go leor rudaí, cosúil le dath náisiúnta (péinteáil ghlas na mboscaí poist in áit dearg), bratach náisiúnta, amhrán náisiúnta, airgeadra náisiúnta, litríocht náisiúnta, etc. Sna cásanna nach raibh saintréithe náisiúnta iomlána ann cheana féin bhí siad le hathbheochan nó le cumadh agus bhí rialacha bunaidh agus caighdeánaithe le déanamh. Chun an fhírinne a dhéanamh, d'fhéadfaí a rá go raibh gá le méid áirithe rudaí a chumadh as an nua.

Chomh luath leis na 1920idí rinne an stát iarracht na gnéithe seo den náisiún a scaipeadh a oiread agus ab fhéidir trí úsáid a bhaint, mar shampla, as an raidió nuabhunaithe agus as an gcóras oideachais. B'iarrachtaí iad ar an bhféiniúlacht náisiúnta seo a leagan ar an náisiún ina iomláine. Laistigh de chúpla mí tar éis dheireadh an Chogaidh Chathartha bhí pleananna faoi chaibidil chun seirbhís raidió a chur ar bun. Go pointe áirithe, bhí deifir ann, mar go raibh eagla ann go mbeadh an fhéiniúlacht Bhriotanach á scaipeadh ag craolacháin raidió ón mBreatain. Cé go ndearnadh iarrachtaí cláir i nGaeilge a chraoladh, níor sroicheadh an sprioc de 10 faoin gcéad den am craolacháin go dtí na 1940idí. Craoladh gnéithe eile de náisiún na hÉireann ar an raidió, mar shampla, an damhsa Gaelach. Maidir leis an gcóras oideachais, baineadh roinnt ábhar den churaclam le spás a dhéanamh don Ghaeilge mar eilimint éigeantach (féach Watson 2003).

Faoi na 1950idí bhí sé soiléir nach raibh na cuspóirí náisiúnacha á mbaint amach go sásúil. Ní raibh an córas oideachais ag cur náisiún de chainteoirí Gaeilge ar fáil. Ní raibh ach lucht éisteachta beag bídeach ag na cláir raidió Ghaeilge. D'fhan Tuaisceart Éireann ina cuid den Ríocht Aontaithe agus bhí geilleagar na hÉireann ag meath ar fad. Le linn na 1960idí agus na 1970idí bhog an stát ar shiúl ó iarrachtaí an fhéiniúlacht náisiúnta a chur i gcion ar chách agus tosaíodh ag glacadh leis an argóint go bhfuil cearta ag mionlaigh. Thosaigh an stát ag baint roinnt de na heilimintí ab éigeantaí dar bhain leis an nGaeilge de ghnéithe eile de chuid na féiniúlachta náisiúnaí, cuirim i gcás, an dualgas a bhí ar mhic léinn pas a fháil i nGaeilge le go n-éireodh leo i scrúdú na hardteistiméireachta, in ainneoin go bhfuil go leor riachtanas eile fós i bhfeidhm go dtí an lá atá inniu ann, mar shampla an 'riachtanas Gaeilge' le freastal ar Choláiste de chuid Ollscoil na hÉireann.

Bhí an t-athrú i dtreo dearcadh a bhí ní b'fhabhraí do chearta mionlaigh le feiceáil níos soiléire in iarrachtaí a rinneadh le cabhrú le pobail Ghaeltachta. Mar sin féin, tháinig cuid mhaith de sin mar thoradh ar léirsithe Ghluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Ba iad Údarás na Gaeltachta agus Raidió na Gaeltachta na samplaí ba shoiléire de sin. Sa chuid eile den tír, mar sin féin, níor thug an stát tuilleadh tacaíochta do na gaelscoileanna. Ó na 1970idí go dtí an lá atá inniu ann, tá an fás a tháinig ar líon na ngaelscoileanna bunaithe go príomha ar iarrachtaí thuismitheoirí na ndaltaí.

Cé gur fhan na tréithe buanchruthacha seo mar chuid den fhéiniúlacht náisiúnta, ba rud siombalach a bhí ann den chuid is mó. Bhí na cleachtais a bhain leis na tréithe seo ina ngnéithe de na grúpaí a chleacht iad. Ba leor go raibh na tréithe seo á gcleachtadh ag duine éigin le go bhfanfadh siad ina ngnéithe siombalacha den fhéiniúlacht náisiúnta. Mar sin féin, ní hionann sin is a rá gur thug an stát tacaíocht gan cheist dóibh i bhfoirm cearta mionlaigh.

2.3 An Ghaeilge agus féiniúlacht na Gaeilge in Éirinn sa lá inniu

Ó na 1980idí agus na 1990idí i leith, tugtar faoi deara bogadh níos faide ar shiúl ó chearta mionlaigh i dtreo dearcadh atá níos leithlí. Breathnaítear ar an bhféiniúlacht mar thréith ar leith agus rogha phearsanta an duine

aonair. Mar sin féin, ní hionann sin is a rá nach n-aithnítear an taobh sóisialta fós. Níl na bealaí ina ndearnadh muid a shóisialú sa bhaile agus ar scoil, nó ina gcaitheann daoine timpeall orainn linn, go hiomlán faoinár smacht. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil an tsaoirse iomlán ag an duine aonair a fhéiniúlacht a chruthú nó a roghnú. Mar sin féin, tá rogha níos fairsinge ann ar na saolta seo. Maireann fós saintréithe na féiniúlachta náisiúnta Éireannaí atá ann le níos mó ná céad bliain; leanann an stát ag cur chun cinn na féiniúlachta náisiúnta tríd an gcóras oideachais agus trí na dualgais a chuirtear ar na meáin chumarsáide, ach ní ar an scála céanna agus a dhéantaí sna blianta tosaigh nuair a cuireadh an stát ar bun.

Dá thoradh sin uilig níl an fhéiniúlacht náisiúnta ach leamh agus í á ligean i ndearmad ar na saolta seo. Tá saintréithe na féiniúlachta náisiúnta á gcleachtadh ag roinnt daoine, ach is beag duine a léiríonn gach saintréith nó fiú an chuid is mó acu. De ghnáth, an dream úd a bhíonn rannpháirteach sna cleachtais a bhaineann le féiniúlacht náisiúnta, glacann siad páirt sna cleachtais sin ní le féiniúlacht náisiúnta a léiriú, ach ar chúiseanna níos leimhe. Cé go bhfuil an fhéiniúlacht ag éirí níos indibhidiúlaí agus go bhfuil an fhéiniúlacht náisiúnta á hídiú, ní hionann sin agus a rá nach bhfeidhmíonn féiniúlacht náisiúnta fós sa dóigh go dtig le daoine dlúthpháirtíocht a bheith acu lena chéile; tá cumas na féiniúlachta náisiúnta chun daoine a thabhairt le chéile ann i gcónaí. B'fhéidir gur comhartha nirt seachas comhartha laige é gur coincheap doiléir é an fhéiniúlacht náisiúnta. Samhlaíonn daoine iad féin mar chuid den náisiún in éineacht le baill eile an náisiúin gan gá a bheith acu aontú lena chéile go hiomlán ach ar na tréithe úd a thugann brí don fhéiniúlacht náisiúnta dóibh féin. Dá réir sin, is féidir fós leas a bhaint as coincheap na féiniúlachta i gcomhthéacsanna éagsúla a bhíonn ag síorathrú.

Idir an dá linn, leanann roinnt gnéithe den fhéiniúlacht náisiúnta ag fás. Tá Cumann Lúthchleas Gael ollmhór agus ag fás, mar shampla, agus leanann an fás i líon na ndaltaí sna gaelscoileanna. Tá tacaíocht don Ghaeilge soiléir i dtorthaí an daonáirimh. Sa daonáireamh is déanaí (2016) mhaígh 40 faoin gcéad den daonra go bhfuil siad in ann Gaeilge a labhairt. Sna ceithre dhaonáirimh roimhe sin, a théann siar go dtí 1996, bhí na torthaí beagán

ní b'airde, ag 42 faoin gcéad. Ach tá an céatadán a labhraíonn Gaeilge ar bhonn laethúil millteanach íseal. Cuid den fhadhb nach bhfuil dóthain cainteoirí Gaeilge ann chun deiseanna laethúla a thabhairt dá chéile an Ghaeilge a labhairt. Ach i ndáiríre tá líon na ndaoine a bhfuil an cumas fiú dul i mbun comhrá i nGaeilge idir 10 agus 15 faoin gcéad de réir go leor suirbhéanna éagsúla a rinneadh thar an daichead is a cúig bliana deireanacha. Suirbhéanna ar nós an *Committee on Irish Language Attitudes Research* in 1973, agus a mhacasamhail ag Institiúid Teangeolaíochta Éireann in 1983 agus 1993 (Ó Riagáin & Ó Gliasáin 1994), chomh maith le suirbhéanna leis an *International Social Survey Programme* in 1995, 2003 agus 2013 (ISSP). Ciallaíonn sé seo nach bhfuil níos mó ná leath na ndaoine a mhaíonn sa daonáireamh go bhfuil Gaeilge acu in ann dul i mbun comhrá i nGaeilge, ach tugann sé le fios dúinn fosta go bhfuil dearcadh dearfach ginearálta fós ann i leith na Gaeilge mar ghné den fhéiniúlacht náisiúnta.

Ó thaobh an iltíreachais de (chomh maith le hiltíriú agus domhandú), tá ceisteanna le cur faoi ról na féiniúlachta náisiúnta. De réir mar a leanann próisis an domhandaithe ar aghaidh ag iad ag baint an bonn de cheannasacht an stáit, d'fhéadfadh an náisiún agus an stát a bheith níos scoite óna chéile ná riamh. D'fhéadfadh athdhaingniú an náisiúin (nó fiú gluaiseachtaí scarthacha) a bheith mar thoradh orthu i roinnt áiteanna nuair a thosódh daoine ag láidriú a gcuid ceangal leis an náisiún. I gcásanna eile, d'fhéadfadh lagú teacht ar fhéiniúlacht náisiúnta mar fhreagairt ar mhéadú an iltíreachais. Ar dhóigh nó ar dhóigh eile, tá ról tábhachtach ag an bhféiniúlacht náisiúnta le daoine a thabhairt le chéile, ag tabhairt mothú dóibh faoina n-áit ar chlár na cruinne, agus ag tacú le hathbheochan agus le caomhnú na héagsúlachta cultúrtha ar fud an domhain. D'fhéadfadh féiniúlacht náisiúnta leanúint ar aghaidh ag comhlíonadh an róil sin, a fhad is a mhairfeadh 'tréimhse Chinnín Óir' (is é sin le rá gan cúrsaí a bheith róthe, mar go dtiocfadh coimhlint as, nó gan a bheith rófhuar, mar nach dtiocfadh féinaitheantas as).

D'fhéadfadh an fhéiniúlacht náisiúnta in Éirinn leanúint ar aghaidh ag tacú leis an nGaeilge (agus le gnéithe cultúrtha eile ar fud an domhain), ach chomh maith céanna, d'fhéadfadh dearcadh iltíreach cuidiú le daoine tacú le héagsúlacht teangacha agus cultúr na cruinne.

Plé

Tá féiniúlacht ag croílár na ceiste 'cad is brí le bheith i do dhuine daonna?' Is coincheap an-chasta í. Tá go leor féiniúlachtaí ann atá ar comhréim lena chéile agus a thagann salach ar a chéile. Baineann siad leis an duine féin agus leis an nasc idir an duine agus daoine eile. Cé go bhfuil roghanna de chineál áirithe san fhéiniúlacht, bíonn tionchar mór ag na daoine timpeall orainn agus muid ag fás aníos, agus ag na daoine a mbíonn muid ag plé leo i gcomhthéacsanna éagsúla sóisialta. Bhí ról tábhachtach ag an bhféiniúlacht náisiúnta i gcruthú an domhain ina mairimid. Tugann sí tuiscint dúinn ar ár n-áit sa domhan sin, agus bhí agus tá sí ríthábhachtach i gcruthú agus i ndlisteanú náisiúnstát éagsúil an domhain.

Cé go bhfuil na náisiúnstáit is cumhachtaí, chomh maith leis an domhandú féin, ag imirt scrios ar chultúir ar fud na cruinne, agus go bhfuil náisiúnstáit ag déanamh na gcultúr laistigh dá dteorainneacha féin níos aonchineálaí, d'éirigh le hilchineál an náisiúnstáit ar fud na cruinne éagsúlacht chultúrtha an domhain a chaomhnú go pointe áirithe. Ceisteanna iad seo don am atá le teacht: cén ról a bheidh ag na náisiúnstáit amach anseo, agus, laistigh de na náisiúnstáit sin, cad a tharlóidh do náisiúin mar ghrúpaí daoine agus don fhéiniúlacht náisiúnta a thugann le chéile iad? De réir mar a théann athruithe ar náisiúnstáit, ar náisiúin agus ar an bhféiniúlacht náisiúnta an gcaillfidh na teangacha agus na cultúir a bhaineann leo tacaíocht nó an dtiocfaidh comhthéacs níos iltirí chun cinn ina mbeidh éagsúlacht féiniúlachta, cultúir agus teanga ina cuid lárnach den saol laethúil?

Foinsí

Anderson, B. 1991. *Imagined Communities*. London: Verso.

Beck, U. 2000. *What is Globalization?* Cambridge: Polity Press.

Beck, U. 2002. The Cosmopolitan Society and Its Enemies. *Theory, Culture & Society* 19(1–2), 17–44.

Beck, U. 2005. Der kosmopolitische Gesellschaft und ihre Feinde. In Amann, A. agus Majce, G. (eag.) *Soziologie in interdisziplinaeren Netzwerken*. Wien: Boehlau Verlag, 77–106.

Beck, U. agus Sznaider, N. 2006. Unpacking cosmopolitanism for the social sciences: a research agenda. *The British Journal of Sociology* 57(1), 1–23.

Billig, M. 1995. *Banal Nationalism*. London: Sage.

Brubaker, R. 2004. *Ethnicity without Groups*. Cambridge, MA: Harvard University Press.

Connor, W. 1978. 'A Nation is a Nation, is a State, is an Ethnic Group, is a …' *Ethnic and Racial Studies* 1(4), 379–88.

Elias, N. 2001. *Society of Individuals*. London: Continuum.

Fox, J.E. agus Miller-Idriss, C. 2008. Everyday nationhood. *Ethnicities* 8, 536–76.

Greenfeld, L. 1992. *Nationalism: five roads to modernity*. Cambridge, MA: Harvard University Press.

Hutchinson, J. 2001. Archaeology and the Irish rediscovery of the Celtic past. *Nations and Nationalism* 7(4), 505–19.

ISSP Research Group. ZA2880: International Social Survey Programme 1995. *National Identity.* Cologne: GESIS Data Archive. doi:10.4232/1.2880

ISSP Research Group. ZA3910: International Social Survey Programme 2003. *National Identity.* Cologne: GESIS Data Archive. doi:10.4232/1.11449

ISSP Research Group. ZA5950: International Social Survey Programme 2013. *National Identity.* Cologne: GESIS Data Archive. doi:10.4232/1.12312

Kelly, A. 2002. *Compulsory Irish: Language and Education in Ireland 1870s–1970s.* Dublin: Irish Academic Press.

Ó Riagáin, P. agus Ó Gliasáin, M. 1994. *National Survey on Languages 1993: Preliminary Report.* Baile Átha Cliath: Institiúid Teangeolaíochta Éireann.

Turner, B.S. 2002. Cosmopolitan Virtue, Globalization and Patriotism. *Theory Culture Society* 19, 45–63.

Watson, I. 2003. *Broadcasting in Irish*. Dublin: Four Courts Press.

Weber, M. 1978. *Economy and Society*. Berkeley: University of California Press.